C/2025/3975

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Beilge

(C/2025/3975)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais [2] sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

[2] Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Bheilg caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí tábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 30 Aibreán 2021 chuir an Bheilg a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021 ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge ([5]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 8 Nollaig 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([6]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an mBeilg. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 20 Meitheamh 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Beilge ([7]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 36(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaíonn sé an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuireann sé i láthair coigeartú fioscach thar 7 mbliana.

(6) An 26 Samhain 2024, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Bheilg ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([9]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge (10161/2021).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge (15570/2023).

([7]) Moladh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na Beilge (IO C, C/2025/3698, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3698/oj).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

([9]) Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach, tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach, fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 ar an mBeilg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBeilg ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an mBeilg. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Beilge ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 20 Meitheamh 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Beilge: 3,6 % in 2025, 2,5 % in 2026, 2,5 % in 2027, 2,1 % in 2028 agus 2,1 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2024, mar atá 3,6 % in 2025, 6,1 % in 2026, 8,8 % in 2027, 11,1 % in 2028 agus 13,4 % in 2029. In 2025-2029 beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle ([10]), mar a mhol an Chomhairle an 20 Meitheamh 2025 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach ([11]) moladh a tháinig in ionad Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh ([12]). An 30 Aibreán 2025 thíolaic an Bheilg a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([13]) maidir le gníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh, cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Beilge i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).
([11]) Moladh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 d'fhonn deireadh a chur le e staid an easnaimh iomarcaigh sa Bheilg [ST 10166/25].
([12]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le e staid an easnaimh iomarcaigh sa Bheilg [5032/25].
([13]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin. Tar éis iarraidh a fháil ón mBeilg an 30 Aibreán 2025, 8 Iúil 2025 ghlac an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh lena gceadaítear don Bheilg imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais agus iad a shárú ([14]).

(13) Ar bhonn na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat ([15]), tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Beilge ó 4,1 % de OTI in 2023 go 4,5 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 103,2 % de OTI ag deireadh 2023 go 104,7 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ráta fáis glanchaiteachais 4,2 % in 2024. Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, measann an Bheilg gurb é 3,9 % an fás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([16]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2024, mar atá 0,4 % de OTI.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Beilge, tá coinne le fás fíor-OTI 1,2 % in 2025 agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú ICPT 2,8 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,8 % in 2025 agus faoi 0,9 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,8 % ann in 2025 agus 1,8 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 5,5 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 107,2 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 6,0 % in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta 5,4 % de OTI ann in 2025. Is éard a léirítear go príomha leis an méadú ar an easnamh in 2025 caiteachas níos airde ar chostais a bhaineann le haosú, le cosaint agus íocaíochtaí úis. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 5,0 % in 2025. Is é is cúis leis na réamh-mheastacháin níos ísle sin ar fhás glanchaiteachais ná mar atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn fás réamh-mheasta caiteachais níos ísle ar ollfhoirmiú caipitil sheasta agus ar thomhaltas idirmheánach, agus tionchar níos lú ag bearta lánroghnacha laghdaithe ioncaim sa réamhaisnéis ón gCoimisiún. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 0,4 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú go 107,1 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2025 an t-easnamh rialtais ghinearálta ard atá ann go fóill.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas rialtais ghinearálta ar fiú 0,1 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Beilge.

(17) 0,9 % de OTI in 2021, 1,0 % de OTI in 2022 agus 0,9 % de OTI in 2023, ba é sin caiteachas cosanta an rialtais ghinearálta san Bheilg ([17]). De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go gcaithfear 1,3 % de OTI in 2024 agus 1,7 % de OTI in 2025 ar an gcosaint. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,8 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Bheilg in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

([14]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Bheilg imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3960, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3960/oj).

([15]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

([16]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([17]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

(18) De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas san Bheilg faoi 5,0 % in 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Beilge in 2025 os cionn an uasráta fáis atá le bhunú leis an gconair cheartaitheach a mhol an Coimisiún, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall ([18]) 0,7 % de OTI. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

(19) Ní áirítear réamh-mheastacháin bhuiséadacha tar éis 2025 sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún easnamh rialtais ghinearálta 5,5 % de OTI in 2026. Is éard a léirítear go príomha leis an méadú ar an easnamh in 2026 úschaiteachas níos airde. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 3,0 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2026, mar atá 0,3 % de OTI. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 109,8 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais–OTI in 2026 an t-easnamh rialtais ghinearálta ard atá ann go fóill.

(20) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Beilge, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin bearta atá ann cheana agus bearta treisithe ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, amhail athchóiriú bpinsean agus athbhreithnithe ar an gcaiteachas poiblí, chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise amhail athchóirithe sa mhargadh saothair, athchóiriú cánach, comhordú buiséadach agus an timpeallacht ghnó agus rialáil gnólachtaí. Na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh, tá siad go léir le teacht tar éis an 30 Aibreán 2025.

(21) Tá rioscaí arda ann sa Bheilg ó thaobh na hinbhuanaitheachta fioscaí ([19]). Sa bhreis ar an riocht buiséadach tosaigh neamhfhabhrach, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 3,5 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas pinsin le linn na tréimhse 2022-2070, i gcomparáid le mheán an Aontais, 0,4 pointe céatadáin de OTI, de réir Thuarascáil 2024 an Choimisiúin um Aosú ([20]). Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge athchóiriú pinsean arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, mar aon le cuspóirí eile amhail inbhuanaitheacht shóisialta an chórais a fheabhsú, daoine a dhreasú chun bheith gníomhach i margadh an tsaothair tar éis dóibh coinníollacha luathscoir a chomhlíonadh agus cóineasú níos mó a áirithiú idir córais pinsean agus laistigh díobh. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Bheilg athchóiriú a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

(22) Tá cánacha saothair (cánacha ioncaim phearsanta agus ranníocaíochtaí sóisialta) i measc na gcánacha is airde san Aontas ar gach leibhéal ioncaim, rud a chruthaíonn dídhreasachtaí airgeadais chun oibre. Le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, tagann uaireanta oibre níos giorra agus dífhostaíocht chun cinn mar gheall ar ghnéithe cánach sonracha ar nós 'an comhrann pósta' ([21]). Déantar an t-ualach ard cánach ar shaothar a fhritháireamh le go leor fóirdheontas pá, rud a chruthaíonn neamhéifeachtúlachtaí eacnamaíocha agus a dhéanann córas casta den chóras cánach. Thairis sin, tá an t-ioncam ó chánacha tomhaltais faoi bhun mheán an Aontais, mar gheall ar an úsáid fhorleathan a bhaintear as díolúintí CBL agus rátaí laghdaithe. Déantar iompraíocht infheistíochta a shaobhadh mar gheall ar an gcaoi a ndeartar cánachas caipitil, trí ró-infheistíocht arb í an cháin is cúis léi a chruthú i gcineálacha áirithe sócmhainní. Dá n-aistreofaí an t-ualach cánach ón saothar go boinn chánach eile agus dá laghdófaí an úsáid a bhaintear as caiteachas cánach, d'fhéadfaí éifeachtúlacht an chórais cánach a mhéadú agus dídhreasachtaí chun dul i mbun oibre a laghdú. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Bheilg roinnt beart a chur chun feidhme a mbeidh dul chun cinn ina thoradh orthu maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán cánachais.

(23) Díspreagtar daoine dul i mbun oibre nó tuilleadh uaireanta oibre a dhéanamh mar gheall ar leagan amach an chórais sochar sóisialta. In go leor cásanna, tá sochair shóisialta bunaithe ar stádas agus ní dhéantar tástáil acmhainne orthu, rud a chuireann bac ar éifeachtúlacht an chórais sochar. Tá sochair dífhostaíochta neamhtheoranta ó thaobh ama de agus ní dhéantar tástáil acmhainne orthu i gcás daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, rud a ghéaraíonn na sáinneacha dífhostaíochta. Dá ndéanfaí athchóiriú ar dhearadh an chórais sochar sóisialta agus dá méadófaí a thrédhearcacht, d'fhéadfaí na dreasachtaí chun dul i mbun oibre a mhéadú. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Bheilg athchóiriú a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an dúshlán sochar sóisialta.

([18]) Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.
([19]) An Coimisiún Eorpach, 2024, Faireachán ar Inbhuanaitheacht Fiachais.
([20]) An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, An Tuarascáil um Aosú, 2024, le fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-andbudgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en.
([21]) Tá córas roinnte ioncaim ann sa Bheilg ('an comhrann pósta') lenar féidir leis an duine a thuilleann pá cion dá ioncam/dá hioncam proifisiúnta a shannadh ar an duine nach dtuilleann pá.

(24) Is féidir comhdhéanamh agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú chun spás a chruthú do níos mó infheistíocht phoiblí, rud a thairbheodh freisin d'ullmhúchán feabhsaithe maidir le tionscadail. D'ainneoin roinnt beart a rinne gach leibhéal rialtais faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an caiteachas poiblí iomlán mar sciar de OTI sa Bheilg fós ar na cinn is airde sa limistéar euro. Tugtar le fios leis sin go bhfuil scóip ann do níos mó coigeartú fioscach bunaithe ar chaiteachas, mar shampla trí spriocanna coigiltis éigeantacha a ghlacadh. Is féidir le hathbhreithnithe caiteachais agus meastóireachtaí beartais cuidiú leis an mBeilg tosaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí agus í a fheabhsú. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Bheilg roinnt beart a chur chun feidhme a mbeidh dul chun cinn ina thoradh orthu maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán caiteachais phoiblí.

(25) Tá comhordú buiséadach éifeachtach fíor-riachtanach i mBallstát feidearálach amhail an Bheilg, áit a bhfuil sciar mór den chumhacht chaiteachais cineachta do na rialtais fhonáisiúnta. Níl aon chomhaontú foirmiúil ann go fóill maidir le spriocanna buiséadacha ilbhliantúla ar gach leibhéal rialtais, d'ainneoin an chomhaontaithe comhair a síníodh in 2013, agus is casta an comhordú buiséid dá bharr sin. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrtha meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Bheilg athchóiriú a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an dúshlán comhordúcháin buiséid.

Príomhdhúshláin bheartais

(26) Is 2,3 % de OTI in 2022 a bhí i gceist leis an gcaiteachas poiblí (meán AE: 1,7 %) ar chúram fadtéarmach, rud a d'fhág go raibh an Bheilg ar cheann de na tíortha a raibh an caiteachas is airde ar chúram fadtéarmach aici san Aontas, de réir Thuarascáil 2024 an Choimisiúin um Aosú ([22]). Faoi 2070, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,7 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas cúraim fhadtéarmaigh, i gcomparáid le meánmhéadú 0,8 pointe céatadáin san Aontas, rud a mhéadóidh na rioscaí fadtéarmacha maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach sa Bheilg. De réir na sonraí atá ar fáil tá an líon daoine atá neamhspleách nó beagán spleách ar chúram agus a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim cónaithe ard i Réigiún na Bruiséile agus sa Vallúin. Thairis sin, tá an líon daoine scothaosta a chuirtear in ionad cónaithe gan ghá nó ar a laghad ró-luath fós ard, cé go bhfuil sé ag laghdú le 10 mbliana anuas. Tá tús curtha ag na húdaráis rialtais le hathchóirithe chun feabhas a chur ar úsáid chostéifeachtúil na dtimpeallachtaí cúraim éagsúla, go háirithe chun úsáid neamhriachtanach nó róluath cúraim chónaithe a sheachaint agus a mhoilliú. Ba ghá na bearta sin a chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí a mbeadh tionchar acu, go háirithe chun costéifeachtúlacht roghanna áirithe cúraim fhadtéarmaigh amhail cúram institiúideach a bhaint amach, agus an rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí á coinneáil inacmhainne an tráth céanna.

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Beilge leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(28) Sa Bheilg tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Bheilg ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an mBeilg, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiomaíochas, éagothromaíochtaí réigiúnacha, go háirithe maidir le baol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, rud atá níos measa i roinnt réigiún mar gheall ar staid an mhargaidh tithíochta, rochtain ar fhostaíocht agus beartais ghníomhachtúcháin, forbairt scileanna agus oideachas ar ardchaighdeán. I gcomhréir le hAirteagal 18

([22]) An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, An Tuarascáil um Aosú, 2024, le fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-andbudgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en.

de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]), ceanglaítear ar an mBeilge – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([24]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(29) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gClár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Bheilg an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(30) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Bheilg aghaidh a thabhairt ar an dúshláin atá ann fós a bhaineann leis an nuálaíocht, an timpeallacht ghnó, an ualach agus an chastacht rialála agus riaracháin, srianta san earnáil seirbhísí, dícharbónú na tionsclaíochta agus an iompair, leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh, fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, sil-leagan iomarcach nítrigine, ganntanas lucht saothair agus mímheaitseálacha scileanna, comhtháthú grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair, an córas oideachais agus gairm na múinteoireachta.

(31) Cé go bhfuil an Bheilg ar cheann de cheannairí nuálaíochta an Aontais agus go bhfuil ardleibhéal déine T&F aici, tá gníomhaíocht T F na Beilge dírithe ar líon beag tionscal agus cuideachtaí móra. Ní théann na leibhéil arda faoisimh cánach chomh fada le cuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu. Chun feidhmíocht níos láidre sa nuálaíocht agus fás marthanach táirgiúlachta a bhaint amach, bheadh gá leis an scaipeadh eolais ar fud earnálacha an gheilleagair a mhéadú. Is cosúil go bhfuil deis ann feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na tacaíochta poiblí don taighde agus don nuálaíocht, go háirithe maidir le héifeachtaí plódaithe a sheachaint agus acmhainní a leithdháileadh ar ghnólachtaí ardfháis ar bhealach níos fearr. Thairis sin, cuireann an ráta íseal soghluaisteachta poist sa Bheilg, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar thosca amhail pá ard sinsearachta agus trédhearcacht íseal pá, teorainn freisin le leathadh na nuálaíochta chuig an gcuid eile den gheilleagar.

(32) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: iad a laghdú 25 % ar a laghad agus i gcás FBManna 35 %; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Bheilg beart a dhéanamh freisin. Measann 71 % de ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Bheilg ([25]). Cuireann ualach ard rialála agus ardleibhéal castachta isteach ar thimpeallacht ghnó na Beilge. Tá ualach mór rialála ar chuideachtaí, go háirithe i ndáil le cánachas agus na dlíthe tsaothair. Tá na costais a bhíonn roimh FBManna chun córais saothair agus chánach a chomhlíonadh ard, go comparáideach, sa Bheilg, go háirithe do chuideachtaí a mbíonn ag plé le córais réigiúnacha éagsúla. Ina theannta sin, tá an dinimiceas gnó sa Bheilg ar cheann de na leibhéil is ísle san Aontas ([26]). Tá ráta íseal cruthaithe gnólachtaí ann d'ainneoin an mhéadaithe a bhí ann le déanaí, go háirithe i gcás cuideachtaí a bhfuil fostaithe acu. Tá an líon gnólachtaí ardfháis sa Bheilg go maith faoi mheán an Aontais. Tá ról ag srianta arda trádála san earnáil seirbhíse i ndáil le dinimiceas gnó a laghdú. Bheadh gá freisin le gníomhaíocht chun deireadh a chur leis na srianta ar ghairmeacha rialáilte. De réir rialáil an mhargaidh táirgí le haghaidh 2023-2024, tá níos mó srianta ag an mBeilg ar fhormhór na ngairmeacha, is é sin ailtirí, cuntasóirí agus gníomhairí eastáit réadaigh. Tá na ceanglais iontrála fós an-ard do na gairmeacha sin agus do dhlíodóirí freisin.

([23]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

([24]) Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

([25]) 'Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas', Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024)

([26]) Banc Náisiúnta na Beilge, Táscairí an Scórchláir Iomaíochais, tuarascáil 2024.

(33) Ina theannta sin, tá praghas i bhfad níos airde ar leictreachas le haghaidh úsáid thionsclaíoch sa Bheilg ná ar ghás. Ós rud é gurb í an earnáil monaraíochta a ghineann 30 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na Beilge, tá gá le dreasachtaí breise chun próisis thionsclaíocha a dhícharbónú agus chun aistriú chuig fuinneamh níos glaine. Trí chleachtais an gheilleagair chiorclaigh agus slabhraí soláthair inbhuanaithe a chothú, d'fhéadfaí an t-éileamh tionsclaíoch ar fhuinneamh a laghdú freisin. Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na hearnálacha eitlíochta agus muirí, lena n-áirítear ídiú breosla a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair idirnáisiúnta, i bhfad os cionn mheán an Aontais ([27]). Níl an iompar d'iarnród tarraingteach go leor, do na paisinéirí ná don iompar lasta, agus tá méadú leanúnach tagtha ar an líon gluaisteán paisinéirí, rud a fhágann go bhfuil costais arda brú tráchta ann. Dá ngearrfaí muirir bhóthair dhifreáilte ar gach cineál feithicle, dá ndéanfaí tuilleadh infheistíochta san iompar poiblí agus dá gcuirfí comhroinnt carranna agus soghluaisteacht ghníomhach chun cinn, bheadh an t-iompar níos inbhuanaithe.

(34) Ní raibh ach sciar 14,7 % den fhuinneamh sa tomhaltas deiridh fuinnimh in-athnuaite in 2023, agus fágann sé sin go bhfuil leathadh amach na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i measc na rátaí is ísle san Aontas. Ní mór don Bheilg iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun a sprioc 21,7 % maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach faoi 2030, sprioc atá fós faoi bhun rannchuidiú ionchasach na Beilge le sprioc 2030 an Aontais. Cé go bhfuil plódú na heangaí a bhaineann le giniúint grianchumhachta ina shaincheist thromchúiseach anois, níor fógraíodh aon infheistíocht nua eangaí ar tír mór. Ina theannta sin, tá creat rialála na Beilge fós ag cur bac ar fhorbairt acmhainní solúbtha amhail freagairt don éileamh agus stóráil. Dá ndéanfaí infheistíochtaí sa bhonneagar eangaí agus dá gcuirfí dlús le nósanna imeachta deonaithe ceadanna, chuirfí rolladh amach na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn. Ina theannta sin, d'fhéadfaí comhroinnt fuinnimh, féintomhaltas agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a chur chun cinn. Cé go bhfuil sciar sách ard fuinnimh núicléach sa mheascán fuinnimh, tá praghsanna leictreachais do theaghlaigh ard i gcomparáid le gás agus ola théimh sa Bheilg, rud a chuireann bac ar an aistriú chuig leictreachas agus ar an aistriú chuig córais téimh níos glaise. Dá n-aistreofaí dleachtanna máil ón leictreachas go dtí an ola théimh agus gás, bheadh leictreachas níos inacmhainne ná breoslaí iontaise.

(35) Tá fóirdheontais mhóra do bhreoslaí iontaise sa Bheilg, fóirdheontais nach bhfuil sé beartaithe aici deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030. I dtuarascáil le déanaí ó údaráis na Beilge ([28]), measadh gur EUR 12 bhilliún (2,4 % de OTI) a bhí i bhfóirdheontais dhíreacha fheidearálacha breosla iontaise in 2021. Go háirithe, maidir le fóirdheontais breosla iontaise nach dtéann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar bhealach spriocdhírithe ná le fíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí é a mheas mar thosaíocht deireadh a chur leo de réir a chéile. Sa Bheilg, maidir leis na fóirdheontais breosla iontaise amhail dleachtanna máil laghdaithe ar ola bhreosla agus ar dhíosal gairmiúil, cártaí breosla do chuideachtaí agus CBL laghdaithe ar ghás, níl siad éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, buanaíonn siad an spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ní chuireann siad le gealltanais aeráide na Beilge. Cuireann fóirdheontais breosla iontaise bac freisin ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh agus tá an baol ann nach gcomhlíonfaidh an Bheilg a spriocanna athchóirithe agus éifeachtúlachta fuinnimh do 2030. Dá gcuirfí dlús leis an leibhéal infheistíochta atá ann faoi láthair in athchóirithe fuinnimh agus dá gcomhlánófaí infheistíocht le hathchóirithe beartais chun na dreasachtaí a aistriú chuig athchóiriú fuinnimh agus réitigh téimh ísealcharbóin, chuirfí dlús leis an aistriú fuinnimh.

(36) Is cúis mhór imní iad cáilíocht an uisce agus díghrádú an dúlra, ós rud é go ndéanann foinsí idirleata difear d'fhormhór na ndobharlach sa Bheilg. Le leibhéil na bithéagsúlachta atá ag meath cuirtear earnálacha eacnamaíocha atá ag brath go mór ar sheirbhísí éiceachórais i mbaol. Tá réitigh dhúlrabhunaithe ríthábhachtach chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus chun an geilleagar a chosaint ar thionchair teagmhas adhaimsire. Sa diantalmhaíocht, go háirithe feirmeoireacht beostoic, scaoiltear méideanna móra truailleán aeir, ithreach agus uisce. Bíonn táirgeadh leictreachais, an earnáil miotal agus táirgeadh ceimiceán ina gcúis le truailliú freisin. Cé gur ghlac an rialtas Pléimeannach an seachtú clár gníomhaíochta athbhreithnithe maidir le níotráití, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun cothaithigh agus ceimiceáin in uiscí dromchla a laghdú agus chun cuidiú leis an bhfeirmeoireacht a dhéanamh níos inbhuanaithe.

(37) Tá an ráta folúntas sa Bheilg ar cheann de na rátaí is airde san Aontas faoi láthair (4,1 % i gcomparáid le meán 2,3 % an Aontais in 2024) agus tá sé deacair ar fhostóirí fostaithe a bhfuil na scileanna cearta acu a fhostú. Cuireann ganntanais lucht saothair agus an easpa foirne oilte bac ar ghníomhaíocht ghnó agus infheistíochta, don aistriú glas agus digiteach mar shampla. Is suntasach iad na héagothromaíochtaí réigiúnacha i sciar an daonra atá ag obair, áfach, agus tá deis ann feabhas a chur ar shoghluaisteacht idir-réigiúnach an lucht saothair. Is ábhar imní go fóill é grúpaí faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú, lena n-áirítear daoine a bhfuil leibhéal oideachais níos ísle acu, oibrithe scothaosta, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas. Tugann sé sin le fios go bhfuil deiseanna ann éifeachtacht na mbeartas gníomhachtúcháin a fheabhsú, go háirithe trí éifeachtúlacht seirbhísí poiblí fostaíochta a fheabhsú, agus trí bhearta a dhíriú ar bhealach níos fearr ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Is féidir na mímheaitseálacha scileanna a mhíniú freisin leis an ráta íseal uas-scilithe agus athscilithe i measc daoine fásta.

([27]) Iompar an Aontais i bhfigiúirí: Leabhar póca staidrimh, 2024.
([28]) FPS Finance (2024), Fardal na bhfóirdheontas feidearálach breosla iontaise.

(38) D'ainneoin leibhéil arda caiteachais phoiblí ar an oideachas, tá torthaí foghlama tar éis dul in olcas agus tá laghdú mór tagtha ar líon na scoláirí barrfheidhmíochta ([29]). Réamhthráscairí ar fheidhmíocht na mac léinn atá fós tábhachtach is ea cúlraí socheacnamaíocha agus imirceach. Cé go bhfuil athchóirithe ar scála mór á saothrú ag gach Pobal chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar fheidhmíocht mac léinn atá ag dul i laghad dá ndéanfaí tuilleadh athbhreithnithe ar bheartais maidir le teip oideachasúil, dá dtabharfaí níos mó solúbthachta do mhic léinn chun aistriú idir conairí ginearálta agus gairme agus dá neartófaí an fhoghlaim phearsantaithe. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhunscileanna na ndaltaí uile chun feabhas a chur ar a n-ionchais i margadh an tsaothair, lena n-áirítear grúpaí faoi mhíbhuntáiste. D'fhéadfaí dul i ngleic le ganntanais lucht saothair trí ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna i ngairmeacha teicniúla don mhargadh saothair a neartú agus tríd an líon mac léinn agus céimithe TFC (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide) agus ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san oideachas treasach a mhéadú. Tá ganntanais múinteoirí fós criticiúil ar fud na tíre agus bíonn tionchar díréireach ag na ganntanais sin ar scoileanna ina bhfuil sciartha níos airde de dhaltaí faoi mhíbhuntáiste ([30]). Is fiú gníomhaíocht níos mó a dhéanamh chun borradh a chur faoi ghairm na múinteoireachta, go háirithe trí chobhsaíocht post a áirithiú agus trí chonairí gairme tarraingteacha difreáilte a chur ar fáil.

(39) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Beilge, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bheilg in 2025 agus in 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 20 Meitheamh 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an liúntas faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta níos airde. An tsraith athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 20 Meitheamh 2025. An córas cúraim fhadtéarmaigh a dhéanamh níos costéifeachtaí agus rochtain ar chúram agus ar sheirbhísí á coinneáil inacmhainne ag an am céanna.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú, an t-ualach riaracháin a laghdú, agus bacainní ar thrádáil agus ar iomaíocht a bhaint, go háirithe san earnáil seirbhísí agus i ngairmeacha rialáilte, chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar dhinimic ghnó. Scaipeadh na nuálaíochta a mhéadú trí dhíriú ar thacaíocht phoiblí T&F do na cuideachtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu. Sa chomhthéacs sin freisin, soghluaisteacht fostaíochta oibrithe a chothú.

4. An spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh agus úsáid breoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú, agus tríd an tionscal a dhreasú a thuilleadh chun dícharbónú a dhéanamh. Dreasachtaí a sholáthar agus bacainní a bhaint chun úsáid agus soláthar iompair phoiblí, iompair astaíochtaí ísle agus soghluaisteachta gníomhaí a mhéadú. Dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite agus bonneagar eangaí a uasghrádú trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú a thuilleadh, trí chreataí dlíthiúla a ghlacadh chun borradh a chur faoin infheistíocht i suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus trí chomhroinnt fuinnimh a éascú. Bearta sonracha a dhéanamh chun fóirdheontais breosla iontaise a chéimniú amach, go háirithe sna hearnálacha iompair agus téimh, lena n-áirítear trí dhleachtanna máil a aistriú ó leictreachas chuig breoslaí iontaise. Gníomhaíocht bhreise a dhéanamh maidir le talmhaíocht inbhuanaithe trí cháilíocht an uisce a fheabhsú agus trí chaillteanais cothaitheach a laghdú.

([29]) Clár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí2022 ó ECFE.
([30]) Gambi, L., & De Witte, K. (2023), *The uphill battle*: *The amplifying effects of negative trends in test scores, COVID-19 school closures and teacher shortages*. Tuarascáil Taighde ón *Fédération des Entreprises de Belgique*, an Roinn Eacnamaíochta.

5. Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus ar mhímheaitseáil scileanna, lena n-áirítear i gcás an aistrithe ghlais agus dhigitigh. Éifeachtacht agus spriocdhíriú beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a neartú chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a imeascadh a thuilleadh i margadh an tsaothair, go háirithe daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu, oibrithe scothaosta, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas. Feidhmíocht agus cothromas na gcóras oideachais agus oiliúna a fheabhsú agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair a fheabhsú, go háirithe i réimsí TFC agus ETIM. Leanúint d'athchóirithe a dhéanamh chun gairm na múinteoireachta a neartú trí chonairí gairme agus oiliúint níos solúbtha agus níos tarraingtí a fhorbairt do mhúinteoirí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE